An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

23 Plás Windsor
Baile Átha Cliath 2

Fón +353 1 634 0831
Ríomhphost eolas@cogg.ie
Suíomh gréasáin www.cogg.ie

**Comhairliúchán ar an Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach**

Ba mhór ag COGG cuireadh a fháil le freastal ar chruinniú déthaobhach le hoifigigh na CNCM ar an 16 Meán Fómhair 2019 leis an athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach a phlé agus gabhaimid buíochas as an éisteacht mhaith a fuaireamar ann. Mar a cuireadh in iúl ag an gcruinniú, fáiltímid roimh an athbhreithniú ach is é ár dtuairim meáite nár cheart aon leasú a thabhairt isteach faoi dheifir.

Tá athruithe móra á gcur i bhfeidhm le blianta beaga anuas ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí ach níl an timthriall leasaithe curtha i gcrích do gach ábhar go fóill agus, dá bharr sin, ní féidir tionchair na leasuithe a mheas maidir leis an bhfoghlaim ná leis an teagasc. Is gá go mbeadh na hathruithe neadaithe sa chóras agus ansin iniúchadh déanta ar gach gné den chur chuige ag an tSraith Shóisearach idir sonraíochtaí, cuir chuige, measúnú agus eile sula dtugtar athruithe isteach sa tSraith Shinsearach.

Tá réimse an-leathan moltaí sna cáipéisí comhairliúcháin agus moltar go ndéanfar iad a mheas ó thaobh na réasúnaíochta agus ó thaobh na hinfheidhmeachta ag leibhéal na scoile. Tá impleachtaí tromchúiseacha ag baint le roinnt de na príomh-mholtaí, mar atá, laghdú líon na n-ábhar, measúnú inscoile, modúil agus eile, agus is gá iad a bheith san áireamh sa phlé. Is gá gan neamhaird a dhéanamh de na hiar-bhunscoileanna beaga, go háirithe ar na hoileáin, agus athruithe á moladh.

Is léir go raibh an-phlé ag na cruinnithe comhairliúcháin faoi líon na n-ábhar a dhéanann scoláirí staidéar orthu don Ardteistiméireacht Bhunaithe. Is cosúil go raibh cuid mhaith daoine i bhfabhar laghdú líon na n-ábhar. Brú oibre agus strus a luaitear mar chúis leis an moladh seo ach braithimid go mbeadh strus breise ar dhaoine óga dá mbeadh rogha níos cúinge le déanamh acu agus speisialú ag aois óg, agus roghanna maidir le conair ghairme á ndéanamh dá réir. Ciallaíonn laghdú ar líon na n-ábhar breis ama do gach ábhar agus glactar leis go mbeadh breis foghlama i gceist, rud a mhéadódh an brú ar roinnt scoláirí.

Maidir le conair ghairme, is léir go bhfuil róbhéim i láthair na huaire ar phointí CAO don tríú leibhéal - ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta, ach go háirithe. Níl an gnáthrogha ábhar reatha ag freastal go sásúil orthu siúd nach mian leo an chonair sin a leanúint ach gur mian leo dul ag obair nó printíseachtaí nó a leithéid a dhéanamh. Ba é seo a bhí mar aidhm ag an Ardteist Fheidhmeach (ATF) ach tá líon na scoláirí a roghnaíonn an ATF an-íseal mar nach bhhfuil aitheantas ná tacaíocht chuí ag an gclár. Maidir le scoláirí le riachtanais bhreise oideachais, is gá sonraíochtaí a oiriúnú le go mbeidh ar a gcumas a bheith páirteach sa tSraith Shinsearach lena gcomhaoisigh.

Maidir leis an nGaeilge, de réir na tuarascála *'Léiríodh dearcthaí éagsúla faoin nGaeilge a choinneáil mar ábhar éigeantach'*. Ní thuigimid cén fáth ar cuireadh an ráiteas lom seo sa tuarascáil. Glacaimid leis gur léiríodh dearcthaí éagsúla faoi gach ábhar sa chomhairliúchán agus an é gur ceapadh gur dearcadh amháin a bheadh ann i leith na Gaeilge mar ábhar éigeantach? Nó an é nach raibh an oiread agus a bhíothas ag súil ag moladh Gaeilge a bheith roghnach?

Nuair atá plé ar bun faoi stádas na Gaeilge sa tSraith Shinsearach, is gá impleachtaí aon athruithe a mheas. Má bhíonn rogha ag scoláire gan staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge, an mbeidh sé/í incháilithe le tabhairt faoi mhúinteoireacht bunscoile? An amhlaidh an scéal don mhatamaitic? Tá ganntanas múinteoirí Gaeilge sna hiar-bhunscoileanna agus ganntanas múinteoirí sna bunscoileanna, mar atá. An laghdódh athrú ar stádas na Gaeilge líon na mac léinn ag dul le teagasc na Gaeilge? Cad as a dtiocfaidh múinteoirí do na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge?

Maidir leis an obair fhorbartha atá tosaithe ag an CNCM ar shonraíochtaí Gaeilge na hArdteistiméireachta, ní thuigimid cén fáth ar cuireadh tús leis seo agus an comhairliúchán ar siúl ag an am céanna. Ní shílimid go bhfuil machnamh ceart déanta ar impleachtaí tabhairt isteach sonraíochtaí T1 agus T2 agus gan an cur chuige seo neadaithe fós ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí.

Níl scoláirí ná múinteoirí sásta leis an bhforbairt seo sa tSraith Shinsearach de bharr go meastar go mbeifear ag súil go leanfaidh scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge cúrsa níos dúshlánaí gan aon bhuntáiste ná luach saothair dá dtrioblóid. Más ionann líon na bpointí do na gráid chéanna ag an dá leibhéal, ní thabharfaidh scoláirí faoi shonraíocht T1. Má chuirtear brú ar scoláirí an rogha seo a dhéanamh, tá imní léirithe ag príomhoidí iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge go bhfágfaidh daltaí na scoileanna agus iad sa tSraith Shinsearach.

Maidir le measúnú, tá muinín ag an bpobal as an gcóras measúnaithe reatha faoi riar Choimisiún na Scrúduithe Stáit. Feictear é mar chóras atá trédhearcach agus iontaofa, cé go bhfaightear lochtanna air freisin. Aithnítear go mbíonn an-bhrú ar scoláirí le córas ina mbíonn scrúduithe ceannchúrsa aon-uaire agus a gconair go dtí an tríú leibhéal ag brath orthu. De bharr go ndéantar marcáil sheachtrach ar scripteanna agus scrúduithe eile na hArdteistiméireachta, den chuid is mó, glactar leis go dtugtar cothrom na Féinne do gach duine. Ní maith do scoláirí ná dá gcuid múinteoirí go ndéanfadh a múinteoirí féin measúnú ar scrúduithe a bhfuil an oiread ag brath orthu.

Má bhíonn breis míreanna de na scrúduithe le déanamh 'lasmuigh den halla scrúduithe', an mbeidh smacht ar bith ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar an obair? An mbeidh buntáiste ag scoláirí ag a bhfuil tuismitheoirí atá in ann airgead mór a chaitheamh ar ranganna breise, ar chomhábhar ardchaighdeáin nó ar chúnamh eile? An mbeidh ar chumas an Choimisiúin dearbhú a fháil faoi údair ábhar scríofa? Measaimid gur brú breise a bheidh ann má roinntear na scrúduithe thar tréimhse dhá bhliain agus go gcruthódh a leithéid de chur chuige fadhbanna praiticiúla do na scoileanna. Tá gnéithe áirithe de chóras measúnaithe na hArdteistiméireachta Feidhmí (ATF) atá le moladh ach caithfear a chuimhneamh nach bhfuil stádas na hArdteistiméireachta Bhunaithe ag an ATF agus nach bhfuil ach líon beag scoláirí ag tabhairt faoi. An bhfuil seans ann gur de bharr an easpa béime ar scrúduithe scríofa ceannchúrsa agus róbhéim ar thionscadail agus punanna go bhfuil an scéal amhlaidh?

Molann an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta an obair atá idir lámha ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir le hathbhreithniú na Sraithe Sinsearaí. Aithnímid go bhfuil cinntí móra le déanamh, cinntí ag a mbeidh tionchair fhadtréimhseacha ar an gcóras oideachais in Éirinn agus ar shaol na ndaoine óga a bheidh ag freastal ar na hiar-bhunscoileanna sna blianta romhainn. An príomh-mholadh atá ag COGG ná *Festina lente* – Deifrigh go mall.